1230

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Scrúduithe an tSamhraidh, Seimeastar II, 2004/2005
Teimpléad don Chéad Leathanach

Có(i)d Scrúdaithe	1BA1, 1BA6, 1BA7, 1OA1, 1EM1
Scrúdú/Scrúduithe	Na Dána – An Chéad Bhliain
Có(i)d Modúil	SP101
Modú(i)l	Eolas Tosaigh ar Shocheolaíocht/Socheolaíocht na hÉireann
Uimh. Páipéir	1
Páipéar Athscrúdaithe	Páipéar Speisialta
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	An tOllamh Richard Jenkins
Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a)	An tOllamh Chris Curtin, An Dr Anne Byrne, An Dr Suming Khoo, An Dr Henrike Rau, & Marilyn Moylan Uasal

Treoracha: **Freagair TRÍ ceist ar fad.**

Fad Ama	3 huaire an chloig
Líon na bhFreagarleabhar	3
Riachtanais:	
Bileog le tabhairt amach	
Ceisteanna Ilroghnacha	
Táblaí Staidrimh	
Grafpháipéar	
Grafpháipéar Loga	
Ábhar Eile	
Líon na Leathanach	
Roinn/Ranna	Eolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht

SP101 – Eolas Tosaigh ar Shocheolaíocht/Socheolaíocht na hÉireann

Am ceadaithe: TRÍ hUaire an Chloig

Freagair TRÍ cheist ar fad.

1. An dóigh leat go bhfuil tuairimí socheolaíochta na socheolaithe clasaiceacha ábhartha sa lá atá inniu ann? Déan plé air sin agus déan tagairt do **dhuine amháin ar a laghad** de na daoine seo a leanas: Durkheim, Marx agus/nó Weber.

2. Ní thig leis an tsocheolaíocht freagraí saintreoracha a thabhairt ar fhadhbanna sóisialta, ach cuireann sí bealach smaointeoireachta ar fáil dúinn a chuidíonn linn toimhdí a cheistiú, smaointeoireacht a shoiléiriú agus tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna agus fadhbanna sóisialta. Pléigh an méid sin agus tagairt á déanamh do do rogha saincheist nó fadhb shóisialta.

3. '[I]t is possible to conceive of social structures and the patterns and features of our social lives as at once enabling and constraining' (Bilton et al., 2002:19). Pléigh é sin agus tagairt á déanamh agat do luachanna agus cleachtais i sochaí Éireann na linne seo chun na deiseanna agus na míbhuntáistí a bhaineann le gníomhaíocht choiteann don duine aonair a léiriú.

4. An gciallaíonn leathadh tráchtearraí agus brandaí domhanda go bhfuil domhandú cultúir ag tarlú? Pléigh an cheist sin agus bain úsáid as samplaí d'athruithe a tharla le déanaí in Éirinn chun tacú le d'argóint.

5. An dóigh leat gurb é an fhoinse is mó éagothroime i sochaí Éireann na linne seo ná srathú aicmí nó inscní? Bíodh samplaí den dá chineál éagothroime i do fhreagra agat.

6. Pléigh an ghaolmhaireacht idir éagothroime aicmí agus an choireacht i sochaí na hÉireann.
   NÓ
   Cad iad na cúiseanna is mó a luaitear leis an bhfás a tháinig ar an gcoireacht tar éis nua-aimsearú na hÉireann?

7. Is cuid bhunúsach den tuiscint shocheolaíoch ar an athrú sóisialta in Éirinn tuiscint ar Inscne, Collaíocht agus an Teaghlach. Pléigh an ráiteas sin.
   NÓ
   Agus an tábhacht a bhaineann le difríocht inscne á meas agat, tabhair breithiúnas ar laigí agus láidreachtaí na dtreoiricí aonair agus sóisialta faoin gcaoi a ndéantar inscniú ar dhaoine agus ar shochaithe.

8. In ainneoin athrú beartais agus infheistíocht san oideachas, cad ina thaobh a bhfuil teacht ar oideachas fós as riocht de bhun aicme shóisialta? Cén anailís ar an bhfadhb agus cad iad na réitigh ar an bhfadhb atá le fáil ó thaighde oideachais ó pheirspictíochtaí éagsúla socheolaíocha?